An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Ciorclán 0048/2018

Chuig: Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe le haghaidh Múinteoirí agus Príomhoidí a Chur ar Fionraí agus a Bhriseadh as a bPost

Cuspóir an Chiorcláin:

Is é is cuspóir don Chiorclán seo fógra a thabhairt do Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus do Phríomhoidí maidir leis na nósanna imeachta athbhreithnithe i ndáil le ceisteanna inniúlachta gairmiúla agus cúrsaí araíonachta ginearálta do mhúinteoirí agus do phríomhoidí atá fostaithe ag na Boird Oideachais agus Oiliúna.

- Tá teacht ar nósanna imeachta maidir le **múinteoirí** le fáil in **Iarscríbhinn 1**
- Tá teacht ar nósanna imeachta maidir le **príomhoidí** le fáil in **Iarscríbhinn 2**

Glacann na nósanna imeachta sa Chiorclán seo ionad na gceann siúd atá leagtha amach i gCiorclán 0071/2014 agus tá Ciorclán 0071/2014 tarraingthe siar anois.

Beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo maidir le gach saincheist inniúlachta gairmiúla agus maidir le ceisteanna ginearálta araíonachta ó dháta na heisiúna. I gcás inar cuireadh tús le próiseas maidir le hinniúlacht ghairmiúil nó maidir le ceist araíonachta faoi Chiorclán 0071/2014 roimh dháta eisiúna an Chiorcláin seo, ba cheart go leanfadh an próiseas sin leis na nósanna imeachta athbhreithnithe atá sa Chiorclán seo, ó chéim an chomhfhreagrais i leith.

Scaipeachán

Cinntigh le do thoil go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach comhalta den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go dtugtar an t-ábhar iniata ar aird gach múinteoir agus príomhoide i d'fhostaíocht, lena n-áirítear iad siúd ar chead neamhláithreachta faofa íoctha nó neamhíoctha agus iad siúd atá ar iasacht.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ar http://www.education.ie.

Tara Carton
Caidreamh Foirne Seachtrach
11th Meán Fómhair 2018

IARSCRÍBHINN 1 - MÚINTEOIRÍ

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir le múinteoirí a chur ar fionraí agus a dhífhostú

Boird Oideachais agus Oiliúna

1. Cúlra

Faoi théarmaí *Towards 2016* thug na páirtithe faoi athbhreithniú agus athleasú a dhéanamh ar nósanna imeachta atá ann cheana maidir le múinteoirí a chur ar fionraí agus a dhífhostú a chuimsítear in Alt 24(3) den Acht Oideachais 1998. Ós rud é gur thug na páirtithe faoi deara nach raibh feidhm ag forálacha Alt 24 den Acht Oideachais 1998 maidir le múinteoirí i scoileanna a bhí á n-oibriú ag coistí gairmoideachais leanadh de phlé breise lena raibh baint ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), ag an gCumann Gairmoideachais in Éirinn, ag Aontas Múinteoirí Éireann agus ag Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire chun na forálacha a comhaontaíodh i ndáil le múinteoirí eile chun freastal ar na sainstruchtúir agus ar na sainphróisis bhainistíochta atá ag feidhmiú i scoileanna an Choiste Gairmoideachais. Chríochnaigh an plé seo i nósanna imeachta maidir le múinteoirí a chur ar fionraí agus a dhífhostú i scoileanna an choiste gairmoideachais a ndearna na páirtithe a chomhaontú.

Ina dhiaidh sin, tar éis thosach feidhme an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus an Achta Oideachais (Leasú) 2012, tháinig na páirtithe le chéile arís chun na nósanna imeachta a ailíniú le forálacha na nAchtanna sin.

Tá na nósanna imeachta a leanas eisithe anois sa chomhthéacs sin.

Tá freagracht ar Boird Oideachais agus Oiliúna agus ar phríomhoidí as cáilíocht agus éifeachtacht an oideachais agus bhainistíocht na foirne i scoil mar atá leagtha amach san Acht Oideachais 1998.

Cé nach féidir aon nósanna imeachta a bheith cinntitheach maidir leis an réimse imthosca as a bhféadfadh nósanna imeachta araíonachta a bheith á dtionscmah i gcoitinne, is dócha go mbainfeadh siad sin le mí-iompar, bagairt ar shláinte agus ar shábháilteacht na scoláirí agus/nó mainneachtain leanúnach maidir leis na dualgais agus na freagrachtaí gairmiúla a mbítear ag súil le múinteoir a fheidhmiú go leordhóthanach.

Soláthraíonn na nósanna imeachta a leanas dhá shnáithe ar leithligh agus neamhspleácha ar chóir iad a úsáid in imthosca iomchuí;

- Nósanna imeachta a bhaineann le saincheisteanna inniúlachta gairmiúla
- Nósanna imeachta a bhaineann le hobair, le hiompar agus le hábhair seachas inniúlacht ghairmiúil

Baineann na nósanna imeachta le gach múinteoir seachas na múinteoirí sin a fhreastalaíonn i gcáil phromhaidh. Maidir le múinteoirí a fhónann i gcáil phromhaidh beidh feidhm fós ag na socruithe promhaidh.

Tá na nósanna imeachta ceaptha chun déileáil le saincheisteanna fostaíochta amháin agus cuirfear iad in ionad gach nós imeachta araíonachta atá ann roimhe seo seachas iad siúd dá bhforáiltear sa dlí. Is ábhar don Chomhairle Mhúinteoireachta ceisteanna a bhaineann le clárú.

Beidh sé oscailte d’aon cheann de na páirtithe athbhreithniú a iarraidh ar na nósanna imeachta seo.

2. Prionsabail ghinearálta a thacaíonn leis na nósanna imeachta seo

Seachas cúinsí cothromais agus ceartais, éilíonn cothabháil dea-atmaisféar caidrimh thionsclaíoch ar leibhéal an ionaid oibre go bhfuil nósanna imeachta inghlactha i bhfeidhm agus go gcomhlíontar iad. Tá gá le nósanna imeachta araíonachta chun a chinntiú go gcoimeádtar smacht san ionad oibre agus gur féidir bearta araíonachta a chur i bhfeidhm ar bhealach cóir agus comhsheasmhach.

Tá dhá chuspóir ag baint le nósanna imeachta dá leithéid mar cuireann siad creat ar fáil a chuireann ar chumas na bainistíochta caighdeáin shásúla a chothabháil agus go mbíonn rochtain ag fostaithe ar nósanna imeachta inar féidir aghaidh a thabhairt ar mhainneachtain a líomhnaítear chun na caighdeáin seo a chomhlíonadh go cothrom agus go híogair.

Is iad na heilimintí riachtanacha d'aon nósanna imeachta chun déileáil le saincheisteanna araíonachta ná go bhfuil siad réasúnach agus cothrom, go bhfuil an bonn le haghaidh gnímh araíonachta soiléir, go bhfuil an réimse pionóis a fhéadfar a fhorchur sainmhínithe go maith agus go bhfuil meicníocht achomhairc inmheánach ar fáil.

Tá gach múinteoir freagrach go pearsanta as a (h)iompar féin agus as feidhmíocht a c(h)uid oibre. Tá sé inmhianaithe idirghabháil luath a bheith ann ar an leibhéal cuí chun aghaidh a thabhairt ar iompar míchuí do na páirtithe go léir ionas go laghdófar an baol go gcaithfidh siad smachtbhannaí a mhéadú mar a fhoráiltear dóibh sna nósanna imeachta seo.

Déanfaidh an príomhoide gach iarracht aghaidh a thabhairt ar easnaimh a líomhnaítear nó a bhraitear san obair agus san iompar trí mheán neamhfhoirmeálta gan an nós imeachta araíonachta foirmeálta a agairt.

I gcás gur chóir sna himthosca, féadfar múinteoir a chur ar shaoire riaracháin le pá iomlán go dtí go ndéanfar imscrúdú, nó ar feitheamh toradh imscrúdaithe, éisteacht/cruinniú araíonachta nó toradh éisteachta/cruinnithe araíonachta.

Tá sé mar aidhm ag na nósanna imeachta cloí le prionsabail ghinearálta an cheartais aiceanta agus foráiltear leo:

- go mbeidh toimhde ann ar neamhchiontacht. Ní féidir aon chinneadh maidir le gníomh araíonachta a dhéanamh go dtí go ndearnadh cruinniú araíonachta foirmiúil a thionól agus go dtugtar deis don fhostaí freagra a thabhairt ar na líomhaintí a tógadh.
- cuirfear in iúl don fhostaí i scríbhinn roimh chruinniú araíonachta de chineál beacht na nithe lena mbaineann agus cuirfear cóipeanna den doiciméadacht ábhartha ar fad ar fáil. I gcás gearán, beidh foinse agus téacs an ghearáin mar a fuarthas san áireamh sna mionsonraí seo. Ba chóir gearán a bheith i scríbhinn.
- go gcuirfear mionsonraí faoi na líomhaintí, na gearáin nó na saincheisteanna maidir le hinniúlacht ghairmiúil chuig an múinteoir lena mbaineann

- go n-urramófar go hiomlán do cheart an mhúinteora lena mbaineann rochtain a fháil ar a c(h)omhad pearsanra agus féachaint air (lena n-áirítear na taifid go léir i ndáil leis an múinteoir i gcló crua nó i bhformáid leictreonach, a shealbhaíonn an scoil/BOO)
- go dtugtar an deis don mhúinteoir lena mbaineann leas a bhaint as ionadaíocht, de ghnáth ag comhghleacaí oibre nó ag ionadaí/ionadaithe ceardchumainn
- go dtugtar an deis don mhúinteoir lena mbaineann freagra a thabhairt go hiomlán ar aon líomhaintí, gearáin nó ceisteanna den sórt sin a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil
- go bhfuil sé de cheart ag an múinteoir lena mbaineann gach fianaise atá ar fáil a scrúdú agus a dúshlán a thabhairt agus finnéithe nó daoine a ghlaoch ar fhianaise den sórt sin lena gceistiú
- go bhfuil sé de cheart ag an múinteoir lena mbaineann go ndéantar scrúdú cóir agus neamhchlaonta ar na saincheisteanna atá á n-imscrúdú, lena n-áirítear na líomhaintí nó na gearáin iad féin, freagra an mhúinteora lena mbaineann, aon uiríll a dhéanann an múinteoir lena mbaineann nó a dhéantar thar ceann an mhúinteora lena mbaineann agus aon fhianaise nó imthosca nó cúinsí ábhartha nó iomchuí eile
- go bhfuil dualgas ar an BOO, mar fhostóir, gníomhú go réasúnta agus go cothrom i ngach idirghníomhaíocht leis an bhfoireann agus chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le hiompar nó inniúlacht ghairmiúil ar bhealach rúnda a chosnaíonn dínit an mhúinteora
- go bhfuil gach ábhar a bhaineann leis an nós imeachta araíonachta faoi rún faoi réir na bpáirtithe agus a n-ionadaithe
- go measfar gur cion araíonachta é d'aon duine imeagla nó brú míchuí a chur ar aon duine a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun freastal mar fhinné.
- i gcás go nglactar cinneadh smachtbhanna araíonachta a fhorchur, beidh an smachtbhanna a fhorchuirtear i gcomhréir le cineál an iompair/ na hiompraíochta/na feidhmíochta ba chúis leis an smachtbhanna a fhorchur
- go bhfuil na nósanna imeachta sin gan dochar do cheart an mhúinteora dul i dteagmháil leis an dlí chun a f(h)ostaíocht a chosaint.

Cuirfear tacaíocht, oiliúint agus cúnamh réasúnta agus iomchuí ar fáil. Sa chomhthéacs seo, beidh soláthar comhairle agus cúnamh cuí do scoileanna agus do mhúinteoirí mar fhócas mór in obair na Seirbhísí Tacaíochta ar leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile maidir le foirmiú pleananna feabhsúcháin agus, nuair is iomchuí, maidir lena gcur i bhfeidhm. Cuirfear socruithe i bhfeidhm freisin chun soláthar a dhéanamh maidir le rochtain tráthúil na seirbhísí sin de réir mar is gá.

Nós imeachta a bhaineann le múinteoirí a mbíonn saincheisteanna maidir le cumas gairmiúil ag baint leo

Réamhrá

Mar is iondúil le gach aon ghairm, is ábhar don mhúinteoir aonair é, ar an gcéad dul síos, caighdeáin chuí teagaisc a choimeád agus aghaidh a thabhairt ar bhonn pearsanta ar aon saincheisteanna inniúlachta más ann dóibh nó más amhlaidh go dtagann a leithéid chun cinn. Ina theannta sin is é freagracht agus oibleagáid an mhúinteora é a áirithiú go mbaineann sé nó sí leas iomlán as gach deis cúnaimh i dtreo leasúcháin ar shaincheisteanna inniúlachta gairmiúla.

Sa chomhthéacs seo glactar leis go hiomlán go gcomhlíonann tromlach mór na múinteoirí a gcuid dualgas ar bhealach inniúil agus éifeachtach agus go soláthraíonn siad seirbhís de réir na dtraidisiún is fearr a bhaineann le teagasc. Dá réir sin, tá aon phróiseas atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chúrsaí inniúlachta gairmiúla dírithe ar mhionlach daoine aonair laistigh de ghairm. Is amhlaidh freisin go gcaithfidh aon phróiseas den sórt sin a shainaithint go bhfuil saincheisteanna inniúlachta gairmiúla go minic de chineál díomuan agus is féidir gur thioscain siad as cúrsaí de chineál pearsanta nó gairmiúil nach maireann i bhfad.

D'fhéadfadh go mbeadh cásanna ann freisin nuair a bhíonn imní ann maidir le hinniúlacht ghairmiúil an mhúinteora trí ghearáin ó thuismitheoirí. I gcásanna den sórt sin tabharfaidh an Príomhoide aghaidh ar na hábhair imní sa chéad áit i gcomhréir leis na nósanna imeachta gearán comhaontaithe do thuismitheoirí. Déanfaidh an Príomhoide breithniú ar chineál an ghearáin sula gcinnfear an bhfuil an cheist le breithniú faoi na nósanna imeachta a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil. Má dhéantar na nósanna imeachta a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil a agairt ina dhiaidh sin, cuirfear an méid sin in iúl don tuismitheoir a rinne an gearán agus cuirfear ar an eolas é/í faoi thoradh deiridh an phróisis.

Ag teacht leis sin, ba cheart go mbeadh roinnt céimeanna i gceist sa chur chuige chun déileáil le cúrsaí a bhaineann le hábhair inniúlachta gairmiúla, ag bogadh ó chéimeanna neamhfhoirmiúla go dtí céimeanna foirmiúla lena bhféadfaí gá a bheith ann ag deireadh an phróisis chun dul i muinín gníomh araíonachta (suas le dífhostú agus lena n-áirítear dífhostú). Ní mór dó sin, ar ndóigh, aird a thabhairt ar cheart agus ar dhualgas an BOO gníomhú láithreach i nithe a bhaineann le mí-iompar tromchúiseach nó nuair a mheasann sé go bhfuil bagairt ann do shláinte, sábháilteacht agus leas leas daltaí agus / nó an fhoireann.

Céim 1

Céim Neamhfhoirmiúil

1.1 Mar atá leagtha amach in ailt 22 agus 23 den Acht Oideachais 1998 (arna leasú le hAcht Oideachais 2012), mar chuid dá fhreagracht as bainistíocht na scoile ó lá go lá, tá freagracht ar an bpríomhoide as múinteoirí a threorú agus a stiúradh, as ceannaireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí agus as timpeallacht a chruthú, mar aon leis an mbord bainistíochta, a thacaíonn le foghlaim i measc na scoláirí agus a chuireann forbairt ghairmiúil na múinteoirí chun cinn. Foráiltear leis an Acht Oideachais freisin go mbeidh gach cumhacht agus cibé cumhachtaí is gá nó is fóirsteanach ag an bpríomhoide maidir leis sin. Tá an príomhoide, dá bhrí sin, san

áit is fearr chun saincheisteanna inniúlachta gairmiúla a shainaithint a thagann chun cinn in obair mhúinteora.

1.2 I gcás ina bhfuil imní ar an bpríomhoide gur féidir go mbeadh saincheisteanna inniúlachta gairmiúla in obair an mhúinteora cuirfidh sé/sí comhairle ar an múinteoir, ó bhéal, ar shaincheist agus ar mhéid na n-ábhar imní sin agus aon doiciméadacht ábhartha a bhaineann leis an gceist a thabhairt don mhúinteoir.

1.3 Ag an bpointe seo, ba chóir cóip de na nósanna imeachta seo a thabhairt don mhúinteoir agus comhairle a thabhairt dó/di é/í féin a chur ar an eolas faoi na céimeanna éagsúla de na nósanna imeachta a d'fhéadfaí a agairt agus an réimse smachtbhannaí atá ar fáil do Phríomhfheidhmeannach an BOO (dá ngairfear PF ina dhiaidh seo) i gcás tearcfheidhmíocht leanúnach

1.4 Déanfaidh an Príomhoide iarracht an bhunchúis/na bunchúiseanna a iniúchadh leis an múinteoir agus, nuair is féidir é, na céimeanna a chaithfear a ghlacadh a chomhaontú chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar. Sa chomhthéacs seo, cuirfidh an príomhoide comhairle ar an múinteoir maidir le tacaíochtaí inmheánacha agus/nó seachtracha atá ar fáil agus déanfaidh sé/sí gach iarracht cuidiú leis an múinteoir rochtain a fháil ar na tacaíochtaí sin. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo sin an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe, na Seirbhísí Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí (SFGM) agus/nó gníomhaireachtaí seachtracha eile atá ábhartha agus/nó iomchuí sna himthosca ag féachaint do chineál na saincheisteanna ar leith.

1.5 Tá sé beartaithe go ndéanfar na saincheisteanna a réiteach trí phlé idir an príomhoide agus an múinteoir chun sástacht an phríomhoide agus go n-aontaíonn an bheirt acu nach bhfuil gá aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh.

1.6 Tá sé beartaithe go ndéanfaí saincheisteanna inniúlachta gairmiúla de chineál díomuan a réiteach trí mheicníochtaí neamhfhoirmiúla, de ghnáth laistigh de thréimhse trí mhí seachas le linn tréimhsí saoire.

1.7 I gcás inar theip ar mhúinteoir dul i ngleic ar bhonn dearfach leis na próisis agus go bhfuil imní fós ar an bpríomhoide go bhfuil saincheisteanna inniúlachta gairmiúla de chineál leanúnach ann fós, cuirfidh an príomhoide in iúl don mhúinteoir go bhfuil de rún aige/aici an t-ábhar a tharchur chuig an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF, d'fhonn an próiseas foirmiúil a thionscnamh

Céim 2

Tús an phróisis fhoirmiúil

2.1 Cuirfidh an príomhoide comhairle ar an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF maidir lena (h)imní agus cuirfidh sé/sí tuairisc scríofa ar fáil dó/di. Tabharfar cóip den tuairisc don mhúinteoir ag an am céanna, agus tabharfar deis dó/di freagra scríofa a sholáthar mar chuid den phróiseas chun breithniú a dhéanamh ar an ábhar.

2.2 Ag an bpointe seo, tá sé oscailte don mhúinteoir Céim 3 den nós imeachta seo a chur i bhfeidhm laistigh de 10 lá scoile tar éis an tuairisc a fháil. I gcás go nglacann an múinteoir an cúrsa gníomhaíochta seo tá sé ar an tuiscint dhian nach féidir leis/léi iarracht a dhéanamh dul ar ais chuig céim níos luaithe den phróiseas agus go leanfaidh an príomhoide agus an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF chuig an gcéad chéim eile de réir mar is cuí.

2.3 Sa chás nach nglacfaidh an múinteoir an rogha seo, breithneoidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF tuairisc an phríomhoide agus aon fhreagra scríofa a sholáthróidh an múinteoir. Ag an bpointe seo tabharfar deis don mhúinteoir díriú ar an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF ar an ábhar más mian leis/léi. Ansin déanfaidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF cinneadh ar conas dul ar aghaidh. D'fhéadfadh go n-aimseodh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF ceann nó níos mó acu seo a leanas:

- Níl forais leordhóthanacha ann a chinneadh go bhfuil saincheist ann maidir le hinniúlacht ghairmiúil,
- Tá dóthain foras ann leis an bpróiseas foirmiúil a thionscnamh.

2.4 I gcás go bhfuil an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF den tuairim go bhfuil dóthain foras ann, cuirfidh sé/sí de chúram ar an bpríomhoide é leis an bplean feabhsúcháin a éilítear ar an múinteoir atá i gceist a shainmhíniú.

2.5 Buailfidh an príomhoide leis an múinteoir lena mbaineann chun an plean feabhsúcháin a phlé.

2.6 Sonrófar sa phlean na heasnaimh atá le brath i bhfeidhmíocht an mhúinteora agus an feabhsúchán riachtanach a bhfuiltear ag súil leis ón múinteoir sin. Leagfar amach freisin an réimse tacaíochtaí agus oiliúna atá ar fáil don mhúinteoir agus moltaí maidir leis an méid a d'fhéadfadh an múinteoir a úsáid i gcomhthéacs a f(h)eidhmíocht a fheabhsú. Leagfar amach sa phlean feabhsúcháin tráthchlár freisin inar cheart an feabhsú riachtanach a chur i bhfeidhm. Cuirfear tacaí cuí ar fáil don Phríomhoide maidir leis an bplean feabhsúcháin a dhréachtú.

2.7 Cé gurb é príomhfhreagracht an mhúinteora aonair feabhas a chur ar a f(h)eidhmíocht, tacóidh an príomhoide/an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF leis an múinteoir sin agus éascóidh sé an feabhsú a éilítear a dhéanamh.

2.8 De ghnáth, bheifí ag súil go dtarlódh na feabhsúcháin riachtanacha ar shaincheisteanna inniúlachta gairmiúla laistigh den tráthchlár a leagadh síos sa phlean feabhsúcháin agus níor chóir go mbeadh sé níos lú ná tréimhse trí mhí gan na tréimhsí saoire san áireamh. Féadfaidh an príomhoide an tréimhse seo a leathnú, faoi réir chomhaontú an Stiúrthóra/chomhalta foirne BOO a tharmlig an PF, chun tuilleadh ama a cheadú don mhúinteoir leis an bplean feabhsúcháin a chur i bhfeidhm go hiomlán.

2.9 Tar éis an tréimhse ama a chuirtear ar fáil le haghaidh feabhsúcháin a thabhairt i gcrích, cuirfidh an príomhoide tuairisc scríofa ar fáil don Stiúrthóir/chomhalta foirne

BOO ábhartha a tharmlig an PF agus an múinteoir ag leagan amach a t(h)uairimí maidir leis an toradh.

2.10 Nuair a thuairiscíonn an príomhoide go ndearnadh an feabhsú riachtanach cuirfidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO a tharmlig an PF in iúl don mhúinteoir i scríbhinn ag deimhniú go bhfuil sé ar intinn aige/aici an próiseas foirmiúil a thabhairt i gcrích.

2.11 I gcás go dtuairiscíonn an príomhoide don Stiúrthóir/chomhalta foirne BOO a tharmlig an PF nach ndearnadh an feabhsú riachtanach san fheidhmíocht teagaisc tar éis dheireadh na tréimhse a cheadaítear don phróiseas seo, breithneoidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO an cás, mar a fhoráiltear thíos.

2.12 Tabharfar deis don mhúinteoir freagairt ó bhéal agus scríofa a sholáthar ar thuairisc an phríomhoide mar chuid den phróiseas chun breithniú a dhéanamh ar an ábhar.

2.13 Tar éis dó freagairt an mhúinteora a bhreithniú, féadfaidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF an méid a leanas a chinneadh:

- Tá dul chun cinn leordhóthanach déanta ag an múinteoir agus tá an nós imeachta á thabhairt chun críche;
- Ba cheart an plean feabhsúcháin a mhodhnú;
- Níl an múinteoir ag déanamh an fheabhsúcháin a éilítear.

Céim 3 Athbhreithniú Seachtrach

3.1 I gcás ina gcinneann an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF nach bhfuil an feabhsú riachtanach tugtha faoi deara, iarrfaidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmligean an PF ar an Príomh-Chigire a shocrú go ndéanfar athbhreithniú ar obair an mhúinteora aonair. Cuirfidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF an múinteoir ar an eolas i gcásanna den chineál sin. Ba cheart go n-áireofaí leis an iarratas ar an athbhreithniú mionsonraí faoi chineál ábhar imní an Stiúrthóra/chomhalta foirne BOO a tharmlig an PF, na tacaíochtaí a tairgeadh don mhúinteoir, a mhéid a bhain an múinteoir úsáid as na tacaíochtaí sin agus na torthaí dá bharr.

3.2 Sula ndéanfaidh sé an t-athbhreithniú a fhormheas, déanfaidh an Príomh-Chigire* é/í féin a shásamh go bhfuil an tacaíocht iomchuí a thairiscint don mhúinteoir agus, dá ainneoin sin, go meastar fós nach bhfuil obair an mhúinteora sách sásúil. Féadfaidh an Príomh-Chigire tuilleadh faisnéise a lorg ón Stiúrthóir/chomhalta foirne BOO a tharmlig an PF de réir mar a mheasann sé/sí is gá. I gcás gur bhain an múinteoir leas as an rogha ag Céim 2 chun Céim 3 den phróiseas a chur i bhfeidhm, sásóidh an Príomh-Chigire é/í féin faoin bhfíric sin sula gcuirfear tús leis an athbhreithniú.

3.3 Tabharfear an doiciméadacht go léir a sholáthraítear don Phríomh-Chigire ar fáil don mhúinteoir.

3.4 Tá an fheidhm a bhaineann le hathbhreithniú seachtrach a dhéanamh, atá dílsithe sa Phríomh-Chigire, de dhroim na nósanna imeachta seo, ar leithligh ó fheidhm reachtúil an Phríomh-Chigire agus gan dochar d'fheidhm reachtúil an Phríomhchigire mar atá leagtha amach in Alt 13 den Acht Oideachais 1998.

3.5 I gcás ina n-aontaíonn an Príomh-Chigire leis an iarraidh féadfaidh sé/sí cibé pearsanra agus an oiread sin pearsanra a shannadh chun an t-athbhreithniú a dhéanamh de réir mar is dóigh leis/léi a bheith riachtanach. Agus duine nó daoine á shannadh chun an tasc seo a dhéanamh, tabharfaidh an Príomh-Chigire aird ar an gceanglas go mbeidh inniúlacht ag aon duine/daoine aonair a shanntar ar an gcaoi sin atá ábhartha maidir leis an athbhreithniú.

3.6 D'fhéadfadh sraith cuairteanna a bheith i gceist leis an athbhreithniú ar an láthair teagaisc agus foghlama agus is gnách go ndéanfaidh comhalta(í) den Chigireacht iad. Beidh gach rochtain ag an duine/na daoine a shanntar ag an bPríomh-Chigire ar an láthair teagaisc agus foghlama agus is gá acu chun dearcadh gairmiúil a sholáthar ar inniúlacht an mhúinteora. D'fhéadfadh go mbeadh cásanna ann, ag féachaint do chineál cás áirithe ar leith, ina bhféadfadh duine a bhfuil saineolas ar leith aige/aici dul in éineacht le comhalta(í) na Cigireachta maidir leis na ceisteanna imní a d'ardaigh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig PF. I ngach cás beidh an próiseas athbhreithnithe faoi stiúir chomhalta den Chigireacht.

3.7 Comhoibreoidh an múinteoir, arb é/í ábhar an athbhreithnithe sheachtraigh, go hiomlán leis an bpróiseas athbhreithnithe agus beidh aon mhainneachtain chun comhoibriú mar sin ina ábhar araíonachta ann féin. Féadfaidh an duine/na daoine a shanntar ag an bPríomh-Chigire aon easpa comhoibrithe den sórt sin a chur san áireamh chomh maith le linn dóibh a gcuid conclúidí a fhoirmiú.

3.8 Cuirfidh an duine/na daoine a shanntar ag an bPríomh-Chigire tuairisc faoi bhráid an Phríomh-Chigire a dhéanfaidh, ar a seal, an tuairisc seo a chur ar fáil don Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF agus an múinteoir. Leagfar amach sa tuairisc na conclúidí ar thángthas orthu maidir leis na hábhair imní a tógadh.

3.9 Tabharfaidh an Stiúrthóra/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF deis don mhúinteoir freagra scríofa a dhéanamh ar thuairisc an Phríomh-Chigire laistigh de 15 lá scoile tar éis don mhúinteoir an tuairisc a fháil.

3.10 Breithneoidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF tuarascáil an Phríomhchigire agus an freagra scríofa ón múinteoir, laistigh de 10 lá scoile ón bhfreagra scríofa ón múinteoir a fháil. Féadfaidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO a tharmlig an PF chuige/chuici a chinneadh:

- Nach bhfuil údar le haon ghníomh eile
- Leanúint ar aghaidh le próiseas araíonachta laistigh de shainchúram an PF

I gcás ina gcinnfear nach bhfuil údar le haon ghníomh, cuirfear an múinteoir ar an eolas faoi sin i scríbhinn laistigh de 5 lá scoile.

**Áirítear leis an tagairt don Phríomh-Chigire comhaltaí den Chigireacht a bhfuil an fheidhm seo tarmligthe chuige/chuici ag an bPríomh-Chigire*

Céim 4

Éisteacht

4.1 I gcomhréir le forálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, is feidhmeanna feidhmiúcháin iad cúrsaí fostaíochta, lena n-áirítear cur ar fionraí agus dífhostú foirne. Dá bhrí sin beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leanas:

Cuirfear deis ar fáil don mhúinteoir freastal ar chruinniú leis an PF, in éineacht le hionadaí/ ionadaithe, go hiondúil lena (h)ionadaí/ionadaithe ceardchumainn nó comhghleacaí/comhghleacaithe, faoi réir uasmhéid de bheirt san iomlán.

Tabharfar fógra 7 lá scoile ar a laghad faoin gcruinniú don mhúinteoir. Ba chóir go luafaí san fhógra cuspóir na héisteachta agus an fhíric go bhféadfaí go mbreithneofaí gníomh araíonachta.

Ag an gcruinniú, tabharfar deis don mhúinteoir a c(h)ás féin a dhéanamh agus dúshlán a dhéanamh ar aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi le cinneadh a dhéanamh.

Tar éis na héisteachta déanfaidh an PF breithiúnas ar an ábhar. Nuair a bheidh sé/sí ag déanamh a b(h)reithiúnais áiritheoidh an PF na conclúidí atá leagtha amach i dtuairisc an Phríomh-Chigire, aon fhianaise eile agus ionadaíocht an mhúinteora maidir (más ann dá leithéid).

Cuirfidh an PF in iúl don mhúinteoir maidir lena c(h)inneadh agus aon bheart araíonachta atá beartaithe más rud é gurb é sin toradh an chinnidh. Má chinntear gníomh araíonachta a dhéanamh, féadfaidh an PF leas a bhaint as aon cheann den réimse smachtbhannaí a leanas:

- Cáineadh scríofa deiridh
- Incrimint a chur siar
- Incrimint nó incrimintí a tharraingt siar
- Cur ar fionraí (ar feadh tréimhse teoranta agus/nó cuspóir sonrach leis) le pá
- Cur ar fionraí (ar feadh tréimhse teoranta agus/nó cuspóir sonrach leis) gan phá
- Dífhostú

I gcás ina mbeartaítear gníomh araíonachta nach dífhostú é, déanfaidh an PF athbhreithniú ar an gcás laistigh de thréimhse ama sonraithe chun breithniú a dhéanamh má éilítear aon ghníomhaíocht araíonachta breise.

Gníomhóidh an PF go réasúnta i ngach cás agus cinneadh á dhéanamh ar an ngníomh araíonachta iomchuí. Ba cheart go mbeadh cineál an ghnímh araíonachta comhréireach le saincheist na hinniúlachta gairmiúla.

Céim 5

Achomharc

5.1 Beidh sé ar oscailt don mhúinteoir achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta atá beartaithe ag an PF. Is é painéal achomhairc neamhspleách arna cheapadh ag an PF a éistfidh an t-achomharc mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 A.

5.2 Tá na nósanna imeachta chun achomharc a dhéanamh chuig an bpainéal achomhairc neamhspleách mar atá leagtha amach i Aguisín 1 A.

Fógra don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Mhúinteoireachta

Cuirfidh an PF in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna ar chineál an ghnímh araíonachta agus comhlíonfaidh sé aon riachtanais ón gComhairle Mhúinteoireachta de réir fhorálacha Alt 37 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta.

Nós imeachta do Mhúinteoirí maidir le saincheisteanna a bhaineann le hobair agus le hiompar

Réamheolas

Forbraíodh an nós imeachta araíonachta seo do mhúinteoirí fostaithe sna Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) tar éis plé idir an Roinn Oideachais agus Scileanna, comhlachtaí bainistíochta scoile agus ceardchumainn aitheanta múinteoirí a dhéanann ionadaíocht ar mhúinteoirí sna hearnálacha seo. Tugann sé san áireamh reachtaíocht fostaíochta agus Cód Cleachtais an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais maidir le Nósanna Imeachta Araíonachta. Tagann an nós imeachta araíonachta seo in ionad na nósanna imeachta araíonachta áitiúla agus náisiúnta atá ann faoi láthair. Cuirfear príomhoidí, múinteoirí agus BOOanna ar an eolas go hiomlán maidir leis an nós imeachta seo agus cloífidh siad lena théarmaí.

Réamhrá

Mar is iondúil le gach aon ghairm, is ábhar don mhúinteoir aonair é, ar an gcéad dul síos, caighdeáin chuí oibre agus iompair a choimeád agus aghaidh a thabhairt ar bhonn pearsanta ar aon saincheisteanna den chineál sin más ann dóibh nó más amhlaidh go dtagann a leithéid chun cinn. Ina theannta sin is é freagracht agus oibleagáid an mhúinteora é a áirithiú go mbaineann sé nó sí leas iomlán as gach deis cúnaimh i dtreo leasúcháin ar shaincheisteanna den chineál sin.

Sa chomhthéacs sin glactar leis go hiomlán go gcomhlíonann tromlach mór na múinteoirí a gcuid dualgas ar bhealach inniúil agus éifeachtach agus go soláthraíonn siad seirbhís de réir na dtraidisiún is fearr sa teagasc. Dá réir sin, tá aon phróiseas atá dírithe ar chúrsaí a bhaineann le hobair agus le hiompar dírithe ar mhionlach daoine aonair laistigh den ghairm. Is amhlaidh freisin go gcaithfidh aon phróiseas den sórt sin a shainaithint gur minic a bhíonn gnéithe den sórt sin díomuan agus gur féidir go luíonn a mbunús acu le saincheisteanna de chineál pearsanta nó gairmiúil nach maireann ach tréimhse ama atá réasúnta gearr. Déileálfar go neamhfhoirmiúil, i gcás inar féidir, le saincheisteanna aonraithe nó le mioneasnaimh.

Dá réir sin, ba cheart go mbeadh roinnt céimeanna i gceist maidir le déileáil le saincheisteanna a bhaineann le hobair agus le hiompar, ó chéimeanna neamhfhoirmiúla go céimeanna foirmiúla as a bhféadfadh gníomh araíonachta a bheith mar thoradh air ag deireadh an phróisis (suas le dífhostú agus lena n-áirítear dífhostú). Cé gurb iondúil go leanfaidh gníomh araíonachta na céimeanna comhleanúnacha is féidir leis an scoil an nós imeachta a thionscnamh ag aon chéim den phróiseas má éilítear an cur chuige sin de dheasca an mhí-iompair líomhnaithe.

Raon Feidhme

Baineann an nós imeachta seo le saincheisteanna maidir le hobair agus iompar agus le hábhair eile seachas inniúlacht ghairmiúil agus baineann sé le gach múinteoir seachas iad siúd atá ag freastal i gcáil phromhaidh. Tá saincheisteanna inniúlachta gairmiúla lasmuigh de raon feidhme an tsnáithe seo den nós imeachta, agus ba cheart aghaidh a thabhairt orthu sin trí na *Nósanna Imeachta a bhaineann le hInniúlacht Ghairmiúil*.

Déileáiltear le líomhaintí maidir le cosaint leanaí, mar a shainmhínítear iad sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i gcás Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017 agus sa Chiorclán gníomhach ábhartha, ar an gcéad dul síos faoi na nósanna imeachta sin.

Céim Neamhfhoirmiúil

Tá sé i gceist go ndéanfar fadhbanna a bhaineann le hobair agus le hiompar a réiteach, i gcás inar féidir, trí mheán neamhfhoirmiúil. Chun na críche sin pléifidh an príomhoide aon iompar míshásúil leis an múinteoir lena mbaineann agus cuirfidh sé/sí in iúl dó/di maidir leis na feabhsúcháin a éilítear. Tabharfar deis don mhúinteoir míniú agus trácht a chur ar fáil. I gcás go bhféadfaí feabhsú a dhéanamh gan aghaidh a thabhairt ar ghníomh araíonachta cuirfear treoir ar fáil de réir mar is iomchuí agus tabharfar aird chuí ar cibé an bhfuil an t-easnamh mar gheall ar chúinsí pearsanta, sláinte nó teaghaigh. I gcásanna den sórt sin tabharfar cabhair agus comhairle i gcás inar féidir. Cuirfear in iúl don mhúinteoir freisin mura ndéanfar an feabhsúchán a éilítear, féadfaidh an t-ábhar dul ar aghaidh chuig an nós imeachta araíonachta foirmiúil.

I gcás nach gcomhlíonann obair nó iompar an mhúinteora na caighdeáin a éilítear in ainneoin idirghabháil neamhfhoirmiúil mar atá leagtha amach thuas déileáilfear leis an ábhar faoin nós imeachta araíonachta a leanas.

Céim 1:

Foláireamh ó Bhéal

Tionólfaidh an príomhoide cruinniú foirmiúil araíonachta leis an múinteoir. Tabharfar fógra scríofa faoin gcruinniú cúig lá scoile ar a laghad don mhúinteoir. Ba cheart go luafaí san fhógra cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta. Féadfaidh ionadaí dul ann leis an múinteoir lena mbaineann chuig cruinniú den sórt sin, go hiondúil a (h)ionadaí ceardchumainn nó comhghleacaí oibre.

Ag an gcruinniú, tabharfar deis don mhúinteoir freagra a thabhairt agus a c(h)ás a thabhairt go hiomlán agus dúshlán a thabhairt maidir le haon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi i ndáil le cinneadh. Tar éis dó/di an freagra a bhreithniú, déanfaidh an príomhoide cinneadh maidir leis an ngníomh iomchuí atá le déanamh. I gcás ina gcinnfear nach bhfuil aon ghníomh de dhíth, cuirfear an múinteoir ar an eolas faoi sin i scríbhinn laistigh de chúig lá scoile. I gcás ina gcinnfear go bhfuil údar le gníomh araíonachta ag an gcéim seo cuirfidh an príomhoide in iúl don mhúinteoir go bhfuil foláireamh ó bhéal á thabhairt dó/di. Nuair a thugtar foláireamh ó bhéal ba chóir go luafaí go soiléir an feabhsúchán a éilítear agus an t-amscála le haghaidh feabhsúcháin. Ba cheart go gcuirfí in iúl go soiléir don mhúinteoir san

fholáireamh go bhféadfaí gníomh araíonachta breise a bhreithniú mura bhfuil aon fheabhsúchán sásúil leanúnach ann. Cuirfear in iúl don mhúinteoir maidir lena c(h)eart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta a dhéantar agus maidir leis an bpróiseas achomhairc.

Coimeádfaidh an BOO cóip den fholáireamh ó bhéal ar an gcomhad pearsanra agus tabharfar cóip don mhúinteoir. Beidh an foláireamh ó bhéal gníomhach ar feadh tréimhse 6 mhí agus faoi réir ag seirbhís shásúil ní bheidh feidhm aige tar éis dheireadh na tréimhse 6 mhí. Bainfear an taifead as an gcomhad tar éis na tréimhse sé mhí faoi réir feabhsúcháin shásúil le linn na tréimhse.

D'fhéadfadh go mbeadh uaireanta ann nuair a bhíonn obair nó iompar fostaí sásúil i gcaitheamh na tréimhse ina bhfuil feidhm leis an bhfoláireamh ach go ndéantar faillí ann an-luath ina dhiaidh. Nuair a thagann patrún den sórt sin chun cinn agus fianaise ann go bhfuil an bonn á bhaint den phróiseas araíonachta, d'fhéadfaí iompar an fhostaí roimhe sin agus patrún iompair an fhostaí a mheas ina iomláine i nós imeachta araíonachta sa todhchaí.

Céim 2:

Foláireamh Scríofa

Más rud é, tar éis foláireamh ó bhéal a fháil, go measann an príomhoide go bhfuil iompar an mhúinteora níos lú ná sásúil maidir lena gceanglaítear ag Céim 1, socrófar cruinniú idir an múinteoir agus an príomhoide agus comhalta foirne BOO eile a tharmlig an PF. Tabharfar fógra scríofa faoin gcruinniú seacht lá scoile ar a laghad don mhúinteoir. Ba cheart go luafaí san fhógra cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta. Féadfaidh ionadaí dul ann leis an múinteoir lena mbaineann chuig cruinniú den sórt sin, go hiondúil a (h)ionadaí/ionadaithe ceardchumainn nó comhghleacaí/comhghleacaithe oibre faoi réir ag uasmhéid de bheirt ar an iomlán.

Ag an gcruinniú, ba cheart go dtabharfaí ráiteas soiléir don mhúinteoir maidir leis an limistéar/na limistéir ina bhfuil a (h)iompar measta a bheith míshásúil. Tabharfar deis don mhúinteoir freagra a thabhairt agus a c(h)ás a thabhairt go hiomlán agus dúshlán a thabhairt maidir le haon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi i ndáil le cinneadh. Tar éis dó/di an freagra a bhreithniú, déanfaidh an príomhoide agus an comhalta foirne BOO eile a tharmlig an PF cinneadh maidir leis an ngníomh iomchuí atá le déanamh. I gcás ina gcinnfear nach bhfuil aon ghníomh de dhíth, cuirfear an múinteoir ar an eolas faoi sin i scríbhinn laistigh de chúig lá scoile. I gcás ina gcinnfear go bhfuil údar le gníomh araíonachta ag an gcéim seo cuirfear in iúl don mhúinteoir go bhfuil foláireamh scríofa á thabhairt dó/di. Nuair a thugtar foláireamh scríofa ba cheart go luafaí go soiléir an feabhsúchán a éilítear agus an t-amscála le haghaidh feabhsúcháin. Ba cheart go gcuirfí in iúl go soiléir don mhúinteoir san fholáireamh scríofa go bhféadfaí gníomh araíonachta breise a bhreithniú mura bhfuil aon fheabhsúchán sásúil leanúnach ann. Cuirfear in iúl don mhúinteoir maidir lena c(h)eart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta a dhéantar agus maidir leis an bpróiseas achomhairc.

Coimeádfaidh an BOO cóip den fholáireamh scríofa ar an gcomhad pearsanra agus tabharfar cóip don mhúinteoir. Beidh an foláireamh scríofa gníomhach ar feadh tréimhse nach mó ná 9 mí agus faoi réir ag seirbhís shásúil ní bheidh feidhm aige tar éis dheireadh na tréimhse naoi mí. Bainfear an taifead as an gcomhad tar éis na tréimhse naoi mí faoi réir feabhsúcháin shásúil le linn na tréimhse.

D'fhéadfadh go mbeadh uaireanta ann nuair a bhíonn obair nó iompar fostaí sásúil i gcaitheamh na tréimhse ina bhfuil feidhm leis an bhfoláireamh ach go ndéantar faillí ann an-luath ina dhiaidh. Nuair a thagann patrún den sórt sin chun cinn agus fianaise ann go bhfuil an bonn á bhaint den phróiseas araíonachta, d'fhéadfaí iompar an fhostaí roimhe sin agus patrún iompair an fhostaí a mheas ina iomláine i nós imeachta araíonachta sa todhchaí.

Céim 3:

Foláireamh Scríofa Deiridh

Más rud é, tar éis foláireamh ó bhéal a fháil, go measann an príomhoide go bhfuil iompar an mhúinteora níos lú ná sásúil nó má tharlaíonn cion níos tromchúisí socrófar cruinniú idir an múinteoir, an príomhoide agus comhalta foirne BOO eile a tharmlig an PF. Ba cheart go dtabharfaí fógra scríofa seacht lá scoile ar a laghad don mhúinteoir. Ba cheart go luafaí san fhógra cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta. Féadfaidh ionadaí dul ann leis an múinteoir lena mbaineann chuig cruinniú den sórt sin, go hiondúil a (h)ionadaí/ionadaithe ceardchumainn nó comhghleacaí/comhghleacaithe oibre faoi réir ag uasmhéid de bheirt ar an iomlán.

Ag an gcruinniú, ba cheart go dtabharfaí ráiteas soiléir don mhúinteoir maidir leis an limistéar/na limistéir ina bhfuil a (h)iompar measta a bheith míshásúil. Tabharfar deis don mhúinteoir freagra a thabhairt agus a c(h)ás a thabhairt go hiomlán agus dúshlán a thabhairt maidir le haon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi i ndáil le cinneadh agus deis a bheith aige/aici freagairt dó. Tar éis dó/di an freagra a bhreithniú, déanfaidh an príomhoide agus an comhalta foirne BOO eile arna (h)ainmniú ag an PF cinneadh maidir leis an ngníomh iomchuí atá le déanamh. I gcás ina gcinnfear nach bhfuil aon ghníomh de dhíth, cuirfear an múinteoir ar an eolas faoi sin i scríbhinn laistigh de chúig lá scoile. I gcás ina gcinnfear go bhfuil údar le gníomh araíonachta ag an gcéim seo cuirfear in iúl don mhúinteoir go bhfuil foláireamh scríofa deiridh á thabhairt dó/di. Nuair a thugtar foláireamh scríofa deiridh ba cheart go luafaí go soiléir an feabhsúchán a éilítear agus an t-amscála le haghaidh feabhsúcháin. Ba cheart go gcuirfí in iúl go soiléir don mhúinteoir san fholáireamh scríofa go bhféadfaí gníomh araíonachta breise a bhreithniú mura bhfuil aon fheabhsúchán sásúil leanúnach ann. Cuirfear in iúl don mhúinteoir maidir lena c(h)eart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta a dhéantar agus maidir leis an bpróiseas achomhairc.

Coimeádfaidh an BOO cóip den fholáireamh scríofa deiridh ar an gcomhad pearsanra agus tabharfar cóip don mhúinteoir. Beidh an foláireamh scríofa deiridh gníomhach ar feadh tréimhse nach mó ná 12 mhí agus faoi réir ag seirbhís shásúil ní bheidh feidhm aige tar éis dheireadh na tréimhse 12 mhí. Bainfear an taifead as an gcomhad tar éis na tréimhse dhá mhí dhéag faoi réir feabhsúcháin shásúil le linn na tréimhse.

Céim 4:

Má mheastar go bhfuil an obair nó an t-iompar fós ag dul ar ghaidh tar éis an foláireamh scríofa deiridh a eisiúint nó go bhfuil saincheist na hoibre nó an iompair de chineál tromchúiseach, déanfaidh an príomhoide tuairisc chuimsitheach ar fhíricí an cháis a ullmhú agus a chur ar aghaidh chuig an PF. Tabharfar cóip don mhúinteoir.

I gcomhréir le forálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, is feidhmeanna feidhmiúcháin iad cúrsaí fostaíochta, lena n-áirítear cur ar fionraí agus dífhostú foirne. Dá bhrí sin beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leanas:

4.1 Má chinneann an PF dul ar aghaidh le próiseas araíonachta, tabharfar deis don mhúinteoir freastal ar chruinniú leis an PF agus ionadaí/ionadaithe ina éineacht leis/léi, go hiondúil ionadaí/ionadaithe ceardchumainn nó comhghleacaithe faoi réir ag uasmhéid de bheirt ar an iomlán.

Tabharfar fógra 7 lá scoile ar a laghad faoin gcruinniú don mhúinteoir. Ba chóir go luafaí san fhógra cuspóir na héisteachta agus an fhíric go bhféadfaí go mbreithneofaí gníomh araíonachta.

Ag an gcruinniú, tabharfar deis don mhúinteoir a c(h)ás féin a dhéanamh agus dúshlán a dhéanamh ar aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi le cinneadh a dhéanamh.

Tar éis na héisteachta déanfaidh an PF breithiúnas ar an ábhar. Nuair a bheidh sé/sí ag déanamh a b(h)reithiúnais áiritheoidh an PF tuairisc an phríomhoide, aon fhianaise eile agus ionadaíocht an mhúinteora ar an ábhar (más ann dá leithéid).

Cuirfidh an PF in iúl don mhúinteoir maidir lena c(h)inneadh agus aon bheart araíonachta atá beartaithe más rud é gurb é sin toradh an chinnidh. Má chinntear gníomh araíonachta a dhéanamh, féadfaidh an PF leas a bhaint as aon cheann den réimse smachtbhannaí a leanas:

- Cáineadh scríofa deiridh
- Incrimint a chur siar
- Incrimint nó incrimintí a tharraingt siar
- Ísliú céime (caillteanas post freagrachta)
- Gníomh araíonachta eile nach cur ar fionraí ná dífhostú é
- Cur ar fionraí (ar feadh tréimhse teoranta agus/nó cuspóir sonrach leis) le pá
- Cur ar fionraí (ar feadh tréimhse teoranta agus/nó cuspóir sonrach leis) gan phá
- Dífhostú

I gcás ina mbeartaítear gníomh araíonachta nach dífhostú é, déanfaidh an PF athbhreithniú ar an gcás laistigh de thréimhse ama sonraithe chun breithniú a dhéanamh má éilítear aon ghníomhaíocht araíonachta breise.

Gníomhóidh an PF go réasúnta i ngach cás agus cinneadh á dhéanamh ar an ngníomh araíonachta iomchuí. Ba cheart go mbeadh cineál an ghnímh araíonachta comhréireach leis an gceist oibre nó iompair a d'fhág go ndearnadh an smachtbhanna a ghearradh.

Mí-iompar Tromchúiseach

I gcásanna mí-iompar tromchúiseach ag an obair nó bagairt ar shláinte agus ar shábháilteacht do leanaí nó do phearsanra eile sa scoil ní bhíonn feidhm ag na céimeanna atá leagtha amach thuas de ghnáth agus is féidir múinteoir a dhífhostú gan dul i muinín na gcéimeanna roimhe seo.

Seo a leanas roinnt samplaí de mhí-iompar tromchúiseach a bhféadtar gan feidhm a bheith ag aon cheann nó ag gach ceann de Chéim 1 go 3 den nós imeachta araíonachta ag brath ar thromchúis an chiona líomhnaithe:

- Gadaíocht.
- Damáiste d'aon ghnó do mhaoin scoile.
- Calaois nó falsú doiciméad d'aon ghnó.
- Mórfhaillí nó faillí déanta i ndualgas.
- Diúltú cloí le treoracha dlisteanacha as a n-eascraíonn iarmhairtí tromchúiseacha.
- Éagumas tromchúiseach nó leanúnach chun dualgais a chomhlíonadh mar gheall ar a bheith faoi thionchar alcóil, drugaí nach drugaí ar oideas iad nó mí-úsáid cógas ordaithe.
- Sárú tromchúiseach ar rialacha sláinte agus sábháilteachta.
- Mí-úsáid tromchúiseach/mí-úsáid ar mhaoin/trealamh na scoileanna
- Sárú tromchúiseach ar rúndacht.
- Bulaíocht thromchúiseach, iompar míchuí, gnéaschiapadh nó ciapadh i gcoinne fostaí nó custaiméara, lena n-áirítear scoláirí.
- Iompar foréigneach/iompar toirmeascach.
- Ábhar pornagrafach a íoslódáil nó a scaipeadh ón idirlíon.
- Scaipeadh ríomhphost nó teachtaireachtaí téacs ionsaitheacha, gáirsiúla nó mígheanasacha.

Tabhair faoi deara: níl an liosta thuas uileghabhálach.

Chun críocha an ailt seo, féadfaidh mí-iompar tromchúiseach a bheith bainteach le gníomh a tharla nó a líomhnaítear a tharla lasmuigh den scoil i gcás gur gníomh, nó gníomh líomhnaithe, is cionsiocair le himní tromchúiseach ar thaobh an PF maidir le sláinte agus sábháilteacht scoláirí agus/nó foireann na scoile.

Má tá líomhain ann faoi mhí-iompar tromchúiseach féadfar an múinteoir a chur ar fionraí ar phá iomlán go dtí go ndéanfar imscrúdú agus go gcuirfear i gcrích aon phróiseas achomhairc.

Le linn an imscrúdaithe, tá sé de cheart ag an múinteoir lena mbaineann na líomhaintí a thabhairt dá (h)aire agus tá sé de cheart aige/aici freagra a thabhairt ar gach líomhaint. Má thacaíonn an t-imscrúdú le cás mí-iompair thromchúisigh, is é dífhostú an toradh is iondúla a thiocfaidh as.

Céim 5

Achomharc

Beidh sé oscailte don mhúinteoir achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta atá beartaithe. I gcás smachtbhannaí atá á gcur i bhfeidhm ag Céim 1, 2 agus 3 déanfar an t-achomharc le comhalta foirne a tharmlig an PF nach raibh baint aige/aici roimhe sin leis an ábhar agus atá ar ghrád comhionann le nó níos airde ná an t-oifigeach a fhorchuir an smachtbhanna. I gcás smachtbhanna a fhorchuirtear faoi chéim 4 den nós imeachta, déanfar achomharc le painéal achomhairc araíonachta arna cheapadh ag an PF mar a leagtar amach in Aguisín 1 A. Tá na nósanna imeachta maidir le hachomharc mar a leagtar amach in Aguisín 1 A.

Fógra don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Mhúinteoireachta

Cuirfidh an PF cineál an ghnímh araíonachta in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna agus cloífidh sé le haon cheanglais de chuid na Comhairle Mhúinteoireachta de réir fhorálacha Alt 37 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001.

Iarscríbhinn 1 A

Painéal Achomhairc Araíonachta na Múinteoirí

1. Ceapfaidh an PF Painéal Achomhairc Araíonachta do Mhúinteoirí ar a mbeidh;

- Cathaoirleach neamhspleách ó phainéal arna (h)ainmniú ag an Aire Oideachas agus Scileanna
- Ionadaí ón mbord bainistíochta aitheanta
- Ainmní thar ceann an cheardchumainn múinteoirí ábhartha

2. Ní cheapfar aon chomhalta chuig an bPainéal chun cás a bhreithniú a ateoraíodh chuig an bPainéal a raibh leas nó déileáil ar bith aige nó aici roimhe sin sa chás áirithe sin.

Próiseas Achomhairc

3. Féadfaidh múinteoir athbhreithniú a iarraidh ar imeachtaí araíonachta ag an bPainéal ar cheann amháin nó níos mó de na forais a leanas:

i. níor cloíodh le forálacha na nósanna imeachta

ii. ní bhfuarthas amach na fíricí ábhartha go léir

iii níor measadh na fíricí ábhartha go léir nó níor measadh iad ar bhealach réasúnta

iv níor tugadh deis réasúnach don mhúinteoir lena mbaineann chun an líomhain a fhreagairt

v níorbh fhéidir leis an an múinteoir lena mbaineann a thuiscint go réasúnta go ndéanfaí gníomh araíonachta mar gheall ar an iompar a líomhnaítear

vi tá an smachtbhanna a bheartaítear neamhréireach leis an tearcfheidhmíocht nó mí-iompar a líomhnaítear

4. Féadfaidh múinteoir ar cuireadh in iúl dó/di gur cinneadh gníomh araíonachta a dhéanamh ina c(h)oinne, a iarraidh i scríbhinn go ndéanfadh an Painéal athbhreithniú ar na himeachtaí araíonachta laistigh de 10 lá scoile tar éis fógra a fháil faoin gcinneadh.

5. Mura bhfuarthas an t-iarratas sin ón múinteoir lena mbaineann laistigh den tréimhse deich lá scoile féadfaidh an PF dul ar aghaidh chun an gníomh araíonachta atá beartaithe a chur chun feidhme.

6. I gcás ina n-iarrann múinteoir go ndéanfaidh an Painéal athbhreithniú ar na himeachtaí araíonachta déanfar na haighneachtaí a leanas;

   i ráiteas scríofa ag an múinteoir lena mbaineann maidir leis na forais ar a bhfuil an t-athbhreithniú á lorg, a chur ar fáil don Phainéal agus don fhostóir laistigh de 10 lá scoile tar éis an t-iarratas ar achomharc dá dtagraítear thuas a chur isteach.

   ii frithráiteas scríofa ag an bhfostóir, a chur faoi bhráid an Phainéil agus an múinteoir lena mbaineann laistigh de 10 lá scoile ó fuair an fostóir ráiteas an mhúinteora dá dtagraítear thuas

   iii aon aighneacht eile a fhéadfaidh an Painéal a iarraidh ón múinteoir lena mbaineann nó ón PF, a chur ar fáil i cibé foirm agus laistigh de cibé tráth a shonróidh an Painéal ina iarraidh

7. Féadfaidh an Painéal iarratas a dhiúltú maidir le hathbhreithniú ar imeachtaí araíonachta sna cásanna a leanas;

   i mainneoidh an múinteoir lena mbaineann aighneacht a cheanglaítear faoi mhír 6.i thuas a dhéanamh laistigh den teorainn ama forordaithe, nó

   ii tá an Painéal den tuairim go bhfuil an cás a rinne an múinteoir lena mbaineann baoth, cráiteach, nó gan substaint nó bunús tar éis aon aighneachtaí a rinneadh faoi mhír 6.i. thuas a mheas .

8. I gcás ina ndiúltaíonn an Painéal d'iarratas féadfaidh an fostóir dul ar aghaidh i gcomhréir le téarmaí an nós imeachta seo amhail is nach ndearnadh an t-iarratas.

9. I gcás inar chinn an Painéal athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta araíonachta tar éis breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí, socróidh sé dáta le haghaidh éisteachta laistigh de 20 lá scoile tar éis don Phainéal aighneachtaí comhlánaithe a fháil ón múinteoir agus ón bhfostóir.

10. Féadfaidh an Painéal, dá rogha féin, cuireadh a thabhairt do dhuine ar bith fianaise a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn. Déanfaidh an Painéal breithniú agus cinneadh ar aon iarratas ó pháirtí sa nós imeachta chun fianaise a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn.

11. Tá an múinteoir a dhéanann an t-achomharc i dteideal, más mian leis nó léi, aighneachtaí ó bhéal a dhéanamh chuig an bPainéal go pearsanta nó trí ionadaí, de ghnáth múinteoir atá ag feidhmiú, oifigeach lánaimseartha de chuid an cheardchumainn a bhfuil aitheantas aige dá g(h)rád nó dá grád nó duine eile den sórt sin a chomhaontaíonn an Painéal a bheith i láthair chun na críche sin.

12. I gcás ina dtagann an Painéal le chéile chun fianaise ó bhéal a ghlacadh nó aighneachtaí ó bhéal a éisteacht, tá na daoine a leanas i dteideal a bheith i láthair;

i an múinteoir lena mbaineann

ii duine ar bith de réir mhír 11 thuas atá i dteideal aighneachtaí a dhéanamh thar ceann an mhúinteora lena mbaineann

iii PF an BOO agus cibé duine eile a d'fhéadfadh an PF a ainmniú chun bheith i láthair

iv Féadfaidh aon duine eile ar a gcomhaontaíonn an Painéal a bheith i láthair

13. Beidh imeachtaí os comhair an phainéil neamhfhoirmiúil

14. Tar éis cibé fiosrúcháin a mheasann sé a bheith riachtanach agus tar éis breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí a rinneadh nó ar aon fhianaise a tugadh, glacfaidh an Painéal tuairim maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil forais ann le haghaidh athbhreithnithe ar an gcás agus eiseoidh sé a thuairim laistigh de dheich lá scoile ón éisteacht don PF, don mhúinteoir lena mbaineann agus dá (h)ionadaí.

15. I gcás gurb ionann an tuairim sin agus go bhfuil cás den sórt sin bunaithe ag an múinteoir lena mbaineann, féadfaidh an Painéal, dá rogha féin, an meas a leanas a mholadh don PF:

i níor cheart aon ghníomh eile a dhéanamh sa chás, nó

ii ba cheart an gníomh araíonachta a chinn an PF a leasú ar bhealach sonraithe, nó

iii ba cheart don PF an cás a athbhreithniú chun easnamh sonraithe sna nósanna imeachta araíonachta a réiteach (sa chás sin beidh feidhm fós ag forálacha an Chóid seo)

16. I gcás gurb ionann an tuairim sin agus nach bhfuil an cás bunaithe leanfaidh an PF ar aghaidh leis an ngníomh araíonachta.

17. Ba cheart go ndéanfaí cinneadh maidir le gníomh araíonachta a chur in iúl i scríbhinn don mhúinteoir lena mbaineann agus dá (h)ionadaí. Sa chás nach nglacfar aon ghníomh eile, measfar go bhfuil an líomhain tarraingthe siar.

18. Is é an PF a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir le moladh phainéal achomhairc agus is é/í a leagfaidh amach i scríbhinn an bonn don chinneadh.

IARSCRÍBHINN 2 – PRÍOMHOIDÍ

Nósanna imeachta do Phríomhoidí a bhaineann lena gcuid oibre, iompar agus ábhair inniúlachta gairmiúla ina ról mar phríomhoide

Cúlra

Faoi théarmaí *Towards 2016* thug na páirtithe faoi athbhreithniú agus athleasú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá ann cheana maidir le múinteoirí a chur ar fionraí agus a dhífhostú a chuimsítear le hAlt 24(3) den Acht Oideachais 1998.

Ós rud é gur thug na páirtithe faoi deara nach raibh feidhm ag forálacha Alt 24 den Acht Oideachais 1998 maidir le múinteoirí i scoileanna a bhí á n-oibriú ag coistí gairmoideachais leanadh de phlé breise lena raibh baint ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, ag an gCumann Gairmoideachais in Éirinn, ag Aontas Múinteoirí Éireann agus ag Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire chun na forálacha a comhaontaíodh i ndáil le múinteoirí eile chun freastal ar na struchtúir agus na próisis bhainistíochta sonracha atá ag feidhmiú i scoileanna an Choiste Gairmoideachais a chur in oiriúint. Chríochnaigh an plé seo i nósanna imeachta maidir le cur ar fionraí agus dífhostú múinteoirí agus príomhoidí i scoileanna gairmoideachais a bheith comhaontaithe idir na páirtithe.

Ina dhiaidh sin, tar éis thosach feidhme an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus an Achta Oideachais (Leasú) 2012, bhuail na páirtithe arís chun na nósanna imeachta a ailíniú le forálacha na nAchtanna seo.

Tá an nós imeachta araíonachta a leanas do Phríomhoidí atá fostaithe i mBoird Oideachais agus Oiliúna eisithe anois sa chomhthéacs sin.

Áirítear leis an nós imeachta reachtaíocht fostaíochta agus Cód Cleachtais an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre maidir le Nósanna Imeachta Araíonachta. Tagann an nós imeachta araíonachta seo in ionad na nósanna imeachta araíonachta áitiúla agus náisiúnta atá ann faoi láthair. Cuirfear na príomhoidí agus na Boird Oideachais agus Oiliúna ar an eolas go hiomlán faoin nós imeachta seo agus cloífidh siad lena théarmaí.

Réamhrá

Mar is iondúil le gach aon ghairm, is ábhar don phríomhoide aonair é, ar an gcéad dul síos, caighdeáin chuí oibre agus iompair a choimeád agus aghaidh a thabhairt ar bhonn pearsanta ar na saincheisteanna sin más ann dóibh nó má thagann a leithéid chun cinn. Ina theannta sin is é freagracht agus oibleagáid an phríomhoide é a áirithiú go mbaineann sé nó sí leas iomlán as gach deis cúnaimh i dtreo leasúcháin ar shaincheisteanna den chineál sin.

Sa chomhthéacs sin glactar leis go hiomlán go gcomhlíonann tromlach mór na bpríomhoidí a gcuid dualgas ar bhealach inniúil agus éifeachtach agus go soláthraíonn siad seirbhís de réir na dtraidisiún is fearr sa cheannaireacht scoile. Dá réir sin, tá aon phróiseas atá dírithe ar chúrsaí a bhaineann le hobair agus le hiompar dírithe ar mhionlach daoine aonair laistigh den ghairm. Is amhlaidh freisin go gcaithfidh aon phróiseas den sórt sin a shainaithint gur minic a bhíonn gnéithe den sórt sin díomuan agus gur féidir go luíonn a mbunús acu le saincheisteanna de chineál pearsanta nó gairmiúil nach maireann ach tréimhse ama atá réasúnta gearr. Déileálfar go neamhfhoirmiúil, i gcás inar féidir, le saincheisteanna aonraithe nó le mioneasnaimh.

Dá réir sin, ba cheart go mbeadh roinnt céimeanna i gceist maidir le déileáil le saincheisteanna a bhaineann le hobair agus le hiompar, ó chéim neamhfhoirmiúil go céimeanna foirmiúla as a bhféadfadh gníomh araíonachta a bheith mar thoradh air ag deireadh an phróisis (suas le dífhostú agus lena n-áirítear dífhostú). Cé gurb iondúil go leanfaidh gníomh araíonachta na céimeanna comhleanúnacha is féidir leis an scoil an nós imeachta a thionscnamh ag aon chéim den phróiseas má éilítear an cur chuige sin de dheasca an mhí-iompair líomhnaithe.

Raon feidhme

Áirítear ar raon feidhme na nósanna imeachta seo gach gné de ról an phríomhoide mar a leagtar amach san Acht Oideachais 1998 (arna leasú le hAcht Oideachais 2012), an tAcht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus Achtanna ábhartha eile an Oireachtais. Foráiltear leis an Acht Oideachais 1998 arna leasú, inter alia, go ndéanfaidh an príomhoide an méid a leanas;

- tá sé freagrach as an teagasc a chuirtear ar fáil do scoláirí sa scoil agus cuirfidh sé, i gcoitinne, le forbairt oideachas agus pearsanta na scoláirí sa scoil sin,
- foghlaim a spreagadh agus a chothú i scoláirí, measúnú a dhéanamh ar scoláirí go rialta agus torthaí na meastóireachta a thuairisciú go tréimhsiúil chuig na scoláirí agus a dtuismitheoirí,
- comhoibriú a chur chun cinn idir an scoil agus an pobal ar a bhfreastalaíonn sé, agus faoi réir théarmaí aon chomhaontú comhchoiteann is infheidhme agus a gconradh fostaíochta, dul i mbun na dualgas sin a shanntar dó nó di ag an mbord bainistíochta,
- a bheith freagrach as bainistíocht laethúil na scoile, lena n-áirítear treoir agus treo na múinteoirí agus comhaltaí foirne eile na scoile, agus a bheith freagrach as an mbainistíocht sin,
- ceannaireacht a chur ar fáil do na múinteoirí agus do chomhaltaí foireann eile na scoile agus do scoláirí na scoile,
- a bheith freagrach, mar aon leis an mbord, tuismitheoirí na scoláirí agus na múinteoirí, chun timpeallacht a chruthú sa scoil a thacaíonn le foghlaim i measc na scoláirí agus a chuireann forbairt ghairmiúil na múinteoirí chun cinn,

- faoi threoir an bhoird agus, i gcomhairle leis na múinteoirí, na tuismitheoirí agus, oiread agus is iomchuí dá n-aois agus dá dtaithí, na scoláirí, cuspóirí don scoil a leagan amach agus monatóireacht a dhéanamh ar bhaint amach na gcuspóirí sin, agus
- rannpháirtíocht tuismitheoirí na scoláirí sa scoil a spreagadh in oideachas na scoláirí sin agus i gcuspóirí na scoile a bhaint amach.

Tá saincheisteanna inniúlachta gairmiúla mar mhúinteoir lasmuigh de raon feidhme an nós imeachta seo.

Déileáiltear le líomhaintí maidir le cosaint leanaí, mar a shainmhínítear iad sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i gcás Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 agus an Ciorclán ábhartha, ar an gcéad dul síos faoi na nósanna imeachta sin.

D'fhéadfadh go mbeadh cásanna ann nuair a chuirtear imní in iúl maidir le hobair, iompar nó inniúlacht ghairmiúil an phríomhoide trí ghearáin thuismitheoirí. I gcásanna den sórt sin tabharfar aghaidh ar na hábhair imní sa chéad áit i gcomhréir le nósanna imeachta gearán comhaontaithe.

Breithneoidh an PF/t-ainmní cineál an ghearáin sula gcinneann sé/sí má thagann an tsaincheist faoi na nósanna imeachta a bhaineann le hobair nó iompar.

Céim Neamhfhoirmiúil

Tá sé i gceist go ndéanfar fadhbanna a bhaineann le hobair agus le hiompar a réiteach, i gcás inar féidir, trí mheán neamhfhoirmiúil. Chun na críche sin pléifidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF aon iompar míshásúil leis an bpríomhoide lena mbaineann agus cuirfidh sé/sí in iúl dó/di maidir leis na feabhsúcháin a éilítear. Tabharfar deis don phríomhoide míniú agus trácht a chur ar fáil. I gcás go bhféadfaí feabhsú a dhéanamh gan aghaidh a thabhairt ar ghníomh araíonachta cuirfear treoir ar fáil de réir mar is iomchuí agus tabharfar aird chuí ar cibé an bhfuil an t-easnamh mar gheall ar chúinsí pearsanta, sláinte nó teaghlaigh. I gcásanna den sórt sin tabharfar cabhair agus comhairle i gcás inar féidir. Cuirfidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF in iúl don phríomhoide freisin maidir le tacaíochtaí inmheánacha agus/nó seachtracha agus déanfaidh siad iarracht cabhrú leis an bpríomhoide rochtain a fháil ar na tacaíochtaí sin. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe, na Seirbhísí Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí, an Lárionad um Cheannaireacht sna Scoileanna agus / nó gníomhaireachtaí seachtracha eile atá ábhartha agus/nó iomchuí sna himthosca ag féachaint do chineál na n-ábhar ar leith.

Cuirfear an príomhoide ar an eolas freisin, mura ndéanfar an feabhsúchán a éilítear, go bhféadfaidh an t-ábhar dul ar aghaidh chuig an nós imeachta araíonachta foirmiúil.

I gcás nach gcomhlíonann obair nó iompar an phríomhoide na caighdeáin a éilítear, in ainneoin idirghabháil neamhfhoirmiúil mar a leagtar amach thuas, déileálfar leis an ábhar faoin nós imeachta araíonachta a leanas.

Céim 1

Foláireamh ó Bhéal

Tionólfaidh Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF cruinniú araíonachta foirmiúil leis an bPríomhoide. Tabharfar fógra scríofa cúig lá scoile ar a laghad don phríomhoide. Ba cheart don fhógra cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin a lua mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta. Féadfaidh ionadaí, de ghnáth a (h)ionadaí ceardchumainn nó comhghleacaí oibre dul ann leis an bpríomhoide lena mbaineann.

Ag an gcruinniú, tabharfar deis don phríomhoide freagra a thabhairt agus a c(h)ás a thabhairt go hiomlán agus dúshlán a thabhairt maidir le haon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi le haghaidh cinneadh a dhéanamh. Tar éis dó/di an freagra a bhreithniú, déanfaidh an Stiúrthóir/ comhalta foirne ábhartha BOO a tharmlig an PF cinneadh maidir leis an ngníomh iomchuí atá le déanamh. I gcás ina gcinnfear nach bhfuil aon ghníomh de dhíth, cuirfear an príomhoide ar an eolas faoi sin i scríbhinn laistigh de chúig lá scoile. I gcás ina gcinnfear go bhfuil údar le gníomh araíonachta ag an gcéim seo cuirfidh an Stiúrthóir/comhalta foirne ábhartha BOO a tharmlig an PF an príomhoide ar an eolas go bhfuil foláireamh ó bhéal á thabhairt dó/di. Nuair a thugtar foláireamh ó bhéal ba cheart go luafaí an feabhsúchán a éilítear go soiléir agus an t-amscála le haghaidh feabhsúcháin. Ba cheart don fholáireamh an príomhoide a chur ar an eolas go bhféadfaí gníomh araíonachta breise a bhreithniú mura bhfuil aon fheabhsú sásúil leanúnach ann. Cuirfear in iúl don phríomhoide maidir leis an gceart atá aige/aici chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta atá á dhéanamh agus an phróisis achomhairc.

Coimeádfaidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF cóip den fholáireamh ó bhéal ar an gcomhad pearsanra agus tabharfar cóip don phríomhoide. Beidh an foláireamh ó bhéal gníomhach ar feadh tréimhse nach mó ná 6 mhí agus, faoi réir seirbhís shásúil, scoirfidh sé de bheith i bhfeidhm tar éis dheireadh na tréimhse 6 mhí. Bainfear an taifead as an gcomhad tar éis na tréimhse sé mhí faoi réir feabhsúcháin shásúil le linn na tréimhse.

D'fhéadfadh go mbeadh uaireanta ann nuair a bhíonn obair nó iompar fostaí sásúil i gcaitheamh na tréimhse ina bhfuil feidhm ag an bhfoláireamh ach go ndéantar faillí ann an-luath ina dhiaidh. Nuair a thagann patrún den sórt sin chun cinn agus fianaise ann go bhfuil an bonn á bhaint den phróiseas araíonachta, d'fhéadfaí iompar an fhostaí roimhe sin agus patrún iompair an fhostaí a mheas ina iomláine i nós imeachta araíonachta sa todhchaí.

Céim 2

Foláireamh Scríofa

Más rud é, tar éis foláireamh ó bhéal a fháil, go measann an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF go bhfuil iompar an phríomhoide níos lú ná sásúil i ndáil lena gceanglaítear air/uirthi ag Céim 1, socrófar cruinniú leis an bpríomhoide, leis an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig ag an PF agus comhalta foirne eile BOO a tharmlig an PF. Tabharfar fógra scríofa seacht lá scoile ar a laghad don phríomhoide faoin gcruinniú. Ba chóir don fhógra cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin a lua mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta. Féadfaidh ionadaí/ionadaithe a bheith in éineacht leis an bpríomhoide lena mbaineann ag aon chruinniú den sórt sin, de ghnáth a (h)ionadaí/ionadaithe ceardchumainn nó comhghleacaí/comhghleacaithe faoi réir uasmhéid de bheirt ar an iomlán.

Ag an gcruinniú, ba cheart ráiteas soiléir a thabhairt don phríomhoide ar an limistéar/na limistéir ina meastar go bhfuil a (h)iompar míshásúil. Tabharfar deis don phríomhoide freagra a thabhairt agus a chás a thabhairt go hiomlán agus dúshlán a thabhairt maidir le haon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi i ndáil le cinneadh. Tar éis dó/di an freagra a bhreithniú, déanfaidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF agus comhalta foirne eile BOO a tharmlig an PF cinneadh maidir leis an ngníomh iomchuí atá le déanamh. I gcás ina gcinnfear nach bhfuil aon ghníomh de dhíth, cuirfear an príomhoide ar an eolas faoi sin i scríbhinn laistigh de chúig lá scoile. I gcás ina gcinnfear go bhfuil údar le ngníomh araíonachta ag an gcéim seo cuirfear in iúl don phríomhoide go bhfuil foláireamh scríofa á thabhairt dó/di. Nuair a thugtar foláireamh scríofa ba cheart go luafaí go soiléir an feabhsúchán a éilítear agus an t-amscála le haghaidh feabhsúcháin. Ba cheart don fholáireamh an príomhoide a chur ar an eolas gur féidir breithniú a dhéanamh ar ghníomh araíonachta breise mura ndéantar feabhasúchán leanúnach. Cuirfear in iúl don phríomhoide maidir leis an gceart atá aige/aici chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta atá á dhéanamh agus maidir leis an bpróiseas achomhairc.

Ag an gcruinniú, tabharfar deis don mhúinteoir freagra a thabhairt agus a c(h)ás a thabhairt go hiomlán agus dúshlán a thabhairt maidir le haon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi i ndáil le cinneadh. Tar éis dó/di an freagra a bhreithniú, déanfaidh an príomhoide cinneadh maidir leis an ngníomh iomchuí atá le déanamh. I gcás ina gcinnfear nach bhfuil aon ghníomh de dhíth, cuirfear an múinteoir ar an eolas faoi sin i scríbhinn laistigh de chúig lá scoile. I gcás ina gcinnfear go bhfuil údar le gníomh araíonachta ag an gcéim seo cuirfidh an príomhoide in iúl don mhúinteoir go bhfuil foláireamh ó bhéal á thabhairt dó/di. Nuair a thugtar foláireamh ó bhéal ba chóir go luafaí go soiléir an feabhsúchán a éilítear agus an t-amscála le haghaidh feabhsúcháin. Ba cheart go gcuirfí in iúl go soiléir don mhúinteoir san fholáireamh go bhféadfaí gníomh araíonachta breise a bhreithniú mura bhfuil aon fheabhsúchán sásúil leanúnach ann. Cuirfear in iúl don mhúinteoir maidir lena c(h)eart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta a dhéantar agus maidir leis an bpróiseas achomhairc.

Coimeádfar cóip den fholáireamh scríofa ar an gcomhad pearsanra agus tabharfar cóip don phríomhoide. Beidh an foláireamh scríofa gníomhach ar feadh tréimhse nach faide ná 9 mí agus, de réir seirbhís shásúil, ní bheidh feidhm aige tar éis dheireadh na tréimhse 9 mí. Bainfear an taifead as an gcomhad tar éis na tréimhse naoi mí faoi réir feabhsúcháin shásúil le linn na tréimhse.

D'fhéadfadh go mbeadh uaireanta ann nuair a bhíonn obair nó iompar fostaí sásúil i gcaitheamh na tréimhse ina bhfuil feidhm ag an bhfoláireamh ach go ndéantar faillí ann an-luath ina dhiaidh. Nuair a thagann patrún den sórt sin chun cinn agus fianaise ann go bhfuil an bonn á bhaint den phróiseas araíonachta, d'fhéadfaí iompar an fhostaí roimhe sin agus patrún iompair an fhostaí a mheas ina iomláine i nós imeachta araíonachta sa todhchaí.

Céim 3

Foláireamh Scríofa Deiridh

Más rud é, tar éis foláireamh scríofa a fháil, go measann an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF agus comhalta foirne eile BOO a tharmlig an BOO go bhfuil iompar an phríomhoide níos lú ná sásúil nó má tharlaíonn cion níos tromchúisí socrófar cruinniú idir an príomhoide agus an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF agus comhalta

foirne BOO eile a tharmlig an PF. Ba cheart go dtabharfaí fógra scríofa seacht lá scoile ar a laghad don phríomhoide. Ba cheart go luafaí san fhógra cuspóir an chruinnithe agus cineál sonrach an ghearáin mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta. Féadfaidh ionadaí dul ann leis an bpríomhoide lena mbaineann chuig cruinniú den sórt sin, go hiondúil a (h)ionadaí/ionadaithe ceardchumainn nó comhghleacaí/comhghleacaithe oibre faoi réir ag uasmhéid de bheirt ar an iomlán.

Tabharfar deis don phríomhoide freagra a thabhairt agus a c(h)ás a thabhairt go hiomlán agus dúshlán a thabhairt maidir le haon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi i ndáil le cinneadh. Tar éis dó/di an freagra a bhreithniú, déanfaidh an Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF agus an comhalta foirne BOO eile a tharmlig an PF cinneadh maidir leis an ngníomh iomchuí atá le déanamh. I gcás ina gcinnfear nach bhfuil aon ghníomh de dhíth, cuirfear an príomhoide ar an eolas faoi sin i scríbhinn laistigh de chúig lá scoile. I gcás ina gcinnfear go bhfuil údar le gníomh araíonachta ag an gcéim seo cuirfear in iúl don phríomhoide go bhfuil foláireamh scríofa deiridh á thabhairt dó/di. Nuair a thugtar foláireamh scríofa deiridh ba cheart go luafaí go soiléir an feabhsúchán a éilítear agus an t-amscála le haghaidh feabhsúcháin. Ba cheart go gcuirfí in iúl go soiléir don phríomhoide san fholáireamh scríofa deiridh go bhféadfaí gníomh araíonachta breise a bhreithniú mura bhfuil aon fheabhsúchán sásúil leanúnach ann. Cuirfear in iúl don phríomhoide maidir lena c(h)eart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta a dhéantar agus maidir leis an bpróiseas achomhairc.

Coimeádfar cóip den fholáireamh scríofa deiridh ar an gcomhad pearsanra agus tabharfar cóip don phríomhoide. Beidh an foláireamh scríofa deiridh gníomhach ar feadh tréimhse nach mó ná 12 mhí agus, faoi réir seirbhís shásúil, scoirfidh sé de bheith i bhfeidhm tar éis dheireadh na tréimhse 12 mhí. Bainfear an taifead as an gcomhad tar éis na tréimhse dhá mhí dhéag faoi réir feabhsúcháin shásúil le linn na tréimhse.

Céim 4

Má mheastar gur leanadh de dhrochobair nó de dhrochiompar tar éis an foláireamh scríofa deiridh a eisiúint nó go bhfuil an tsaincheist oibre nó iompair de chineál tromchúiseach, ullmhófar tuairisc chuimsitheach ar fhíricí an cháis agus cuirfear ar aghaidh chuig an PF é. Tabharfar cóip don phríomhoide.

I gcomhréir le forálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, is feidhmeanna feidhmiúcháin iad cúrsaí fostaíochta, lena n-áirítear cur ar fionraí agus dífhostú foirne. Dá bhrí sin beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leanas:

4.1 Beidh deis ag an bpríomhoide freastal ar chruinniú leis an PF agus ionadaí/ionadaithe in éineacht leis/léi, go hiondúil a (h)ionadaí/ionadaithe ceardchumainn nó comhghleacaí/comhghleacaithe faoi réir uasmhéid de bheith ar an iomlán.

Tabharfar fógra 7 lá scoile ar a laghad don phríomhoide maidir leis an gcruinniú. Ba cheart go luafaí san fhógra cuspóir na héisteachta agus gur féidir breithniú a dhéanamh ar ghníomh araíonachta.

Ag an gcruinniú, tabharfar deis don phríomhoide a c(h)ás a dhéanamh go hiomlán agus dúshlán a dhéanamh maidir le haon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi i ndáil le cinneadh.

Tar éis na héisteachta, déanfaidh an PF a b(h)reithiúnas ar an ábhar. Nuair a bheidh sé/sí ag déanamh a b(h)reithiúnais a fhoirmiú áiritheoidh an PF an tuairisc ón Stiúrthóir/comhalta foirne BOO ábhartha a tharmlig an PF agus comhalta foirne BOO a tharmlig an PF agus aon fhianaise eile agus ionadaíocht an Phríomhoide (más ann dó) ar an ábhar.

Cuirfidh an PF a c(h)inneadh in iúl don phríomhoide agus aon ghníomh araíonachta atá beartaithe, más é sin toradh a phlé. Má chinntear gníomh araíonachta a dhéanamh, féadfaidh an PF leas a bhaint as aon cheann den réimse smachtbhannaí a leanas.

- Cáineadh scríofa deiridh
- Incrimint a chur siar
- Incrimint nó incrimintí a tharraingt siar
- Ísliú céime (caillteanas liúntais phríomhoidí)
- Gníomh araíonachta eile nach cur ar fionraí ná dífhostú é
- Cur ar fionraí (ar feadh tréimhse teoranta agus/nó cuspóir sonrach leis) le pá
- Cur ar fionraí (ar feadh tréimhse teoranta agus/nó cuspóir sonrach leis) gan phá
- Dífhostú

I gcás ina mbeartaítear gníomh araíonachta nach dífhostú é, déanfaidh an PF athbhreithniú ar an gcás laistigh de thréimhse ama sonraithe chun breithniú a dhéanamh má éilítear aon ghníomhaíocht araíonachta breise.

Gníomhóidh an PF go réasúnta i ngach cás agus cinneadh á dhéanamh ar an ngníomh araíonachta iomchuí. Ba cheart go mbeadh cineál an ghnímh araíonachta comhréireach leis an gcineál oibre nó iompair a d'fhág go ndearnadh an smachtbhanna a ghearradh.

Mí-iompar Tromchúiseach

I gcás mí-iompar tromchúiseach ag an obair nó bagairt do shláinte agus do shábháilteacht leanaí nó do phearsanra eile sa scoil, ní bhíonn feidhm ag na céimeanna thuasluaite go hiondúil agus féadfar príomhoide a dhíbhe gan dul i muinín na gcéimeanna roimhe seo.

Seo a leanas roinnt samplaí de mhí-iompar tromchúiseach a bhféadtar gan feidhm a bheith ag aon cheann nó ag gach ceann de Chéim 1 go 3 den nós imeachta araíonachta ag brath ar thromchúis an chiona líomhnaithe:

- Gadaíocht.
- Damáiste d'aon ghnó do mhaoin scoile.
- Calaois nó falsú doiciméad d'aon ghnó.
- Mórfhaillí nó faillí déanta i ndualgas.
- Diúltú cloí le treoracha dlisteanacha as a n-eascraíonn iarmhairtí tromchúiseacha.
- Éagumas tromchúiseach nó leanúnach chun dualgais a chomhlíonadh mar gheall ar a bheith faoi thionchar alcóil, drugaí nach drugaí ar oideas iad nó mí-úsáid cógas ordaithe.
- Sárú tromchúiseach ar rialacha sláinte agus sábháilteachta.
- Mí-úsáid tromchúiseach/mí-úsáid ar mhaoin/trealamh na scoileanna
- Sárú tromchúiseach ar rúndacht.
- Bulaíocht thromchúiseach, iompar míchuí, gnéaschiapadh nó ciapadh i gcoinne fostaí nó custaiméara, lena n-áirítear scoláirí.
- Iompar foréigneach/iompar toirmeascach.
- Ábhar pornagrafach a íoslódáil nó a scaipeadh ón idirlíon.
- Scaipeadh ríomhphoist nó teachtaireachtaí téacs ionsaitheacha, gáirsiúla nó mígheanasacha.

Tabhair faoi deara: níl an liosta thuas uileghabhálach.

Chun críocha an ailt seo, féadfaidh mí-iompar tromchúiseach a bheith bainteach le gníomh a tharla nó a líomhnaítear a tharla lasmuigh den scoil i gcás gur gníomh, nó gníomh líomhnaithe, is cionsiocair le himní tromchúiseach ar thaobh an PF maidir le sláinte agus sábháilteacht scoláirí agus/nó foireann na scoile.

Má tá líomhain ann faoi mhí-iompar tromchúiseach, féadfar an príomhoide a chur ar fionraí ar phá iomlán go dtí go ndéanfar imscrúdú agus go gcuirfear i gcrích aon phróiseas achomhairc.

Le linn an imscrúdaithe, tá sé de cheart ag an múinteoir lena mbaineann na líomhaintí a thabhairt dá (h)aire agus tá sé de cheart aige/aici freagra a thabhairt ar gach líomhain. Má thacaíonn an t-imscrúdú le cás mí-iompair thromchúisigh, is é dífhostú an toradh is iondúla a thiocfaidh as.

Céim 5

Achomharc

Beidh sé oscailte don phríomhoide achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta atá beartaithe.

I gcás smachtbhannaí á gcur i bhfeidhm ag Céim 1, 2 agus 3, déanfar an t-achomharc le comhalta foirne BOO a tharmlig an PF nach raibh baint aige/aici roimhe sin leis an ábhar agus atá ar ghrád comhionann le nó níos airde ná an t-oifigeach a fhorchuir an smachtbhanna. I gcás smachtbhanna a fhorchuirtear faoi chéim 4 den nós imeachta, beidh painéal achomhairc araíonachta arna cheapadh ag an PF mar a leagtar amach in Aguisín 2 A.

Tá na nósanna imeachta maidir le hachomharc mar atá leagtha amach in Aguisín 2 A.

Fógra don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Mhúinteoireachta

Cuirfidh an PF in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le cineál an ghnímh araíonachta agus cloífidh sé le haon riachtanais ón gComhairle Mhúinteoireachta i gcomhréir le forálacha Alt 37 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001.

Iarscríbhinn 2 A

Painéal Achomhairc Araíonachta Príomh-Mhúinteoirí

1. Ceapfaidh an PF Painéal Achomhairc Araíonachta do Phríomhoidí ar a mbeidh;

   - Cathaoirleach neamhspleách ó phainéal arna (h)ainmniú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.
   - Ionadaí ón mbord bainistíochta aitheanta.
   - Ainmní thar ceann an cheardchumainn múinteoirí ábhartha

2. Ní cheapfar aon chomhalta chuig an bPainéal chun cás a bhreithniú a ateoraíodh chuig an bPainéal a raibh leas nó déileáil ar bith aige nó aici roimhe sin sa chás áirithe sin.

Próiseas Achomhairc

3. Féadfaidh príomhoide athbhreithniú a iarraidh ar imeachtaí araíonachta ag an bPainéal ar cheann amháin nó níos mó de na forais a leanas.

   i. níor cloíodh le forálacha na nósanna imeachta.

   ii ní bhfuarthas amach na fíricí ábhartha go léir.

   iii níor measadh na fíricí ábhartha go léir nó níor measadh iad ar bhealach réasúnta

   iv níor tugadh deis réasúnach don phríomhoide lena mbaineann chun an líomhain a fhreagairt.

   v níorbh fhéidir leis an an bpríomhoide lena mbaineann a thuiscint go réasúnta go ndéanfaí gníomh araíonachta mar gheall ar an iompar a líomhnaítear

   vi tá an smachtbhanna a bheartaítear neamhréireach leis an tearcfheidhmíocht nó mí-iompar a líomhnaítear

4. Féadfaidh príómhoide ar cuireadh in iúl dó/di gur cinneadh gníomh araíonachta a dhéanamh ina c(h)oinne, a iarraidh i scríbhinn go ndéanfadh an Painéal athbhreithniú ar na himeachtaí araíonachta laistigh de 10 lá scoile tar éis fógra a fháil faoin gcinneadh.

5. Mura bhfuarthas an t-iarratas sin ón bpríomhoide lena mbaineann laistigh den tréimhse deich lá scoile, féadfaidh an PF dul ar aghaidh chun an gníomh araíonachta atá beartaithe a chur chun feidhme.

6. I gcás ina n-iarrfaidh príomhoide go ndéanfaidh an Painéal athbhreithniú ar imeachtaí araíonachta, déanfar na haighneachtaí a leanas.

   i Ráiteas scríofa ag an bPríomhoide lena mbaineann maidir leis na forais ar a bhfuil an t-athbhreithniú á lorg, a chur ar fáil don Phainéal agus don fhostóir laistigh de 10 lá scoile tar éis an iarraidh ar achomharc dá dtagraítear thuas a chur isteach

ii Frithráiteas scríofa ag an bhfostóir, le cur faoi bhráid an Phainéil agus an phríomhoide lena mbaineann laistigh de 10 lá scoile ón uair a bhfaigheann an fostóir ráiteas an phríomhoide dá dtagraítear thuas

iii Aon aighneacht eile a fhéadfaidh an Painéal a iarraidh ón bPríomhoide lena mbaineann nó ón PF, a chur ar fáil i cibé foirm agus laistigh de cibé tráth a shonróidh an Painéal ina iarraidh

7. Féadfaidh an Painéal diúltú d'iarratas ar athbhreithniú ar imeachtaí araíonachta sna cásanna a leanas:

i mainneoidh an Príomhoide lena mbaineann aighneacht a cheanglaítear faoi mhír 6.i thuas a dhéanamh laistigh den teorainn ama forordaithe, nó

ii tá an Painéal den tuairim go bhfuil an cás a rinne an Príomhoide lena mbaineann baoth, cráiteach, nó gan substaint nó bunús tar éis aon aighneachtaí a rinneadh faoi mhír 6.i. thuas a mheas.

8. I gcás ina ndiúltaíonn an Painéal iarratas (le haghaidh éisteachta achomhairc), féadfaidh an fostóir dul ar aghaidh i gcomhréir le téarmaí an nós imeachta seo amhail is nach ndearnadh an t-iarratas.

9. I gcás ina gcinnfidh an Painéal athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta araíonachta, tar éis dó na haighneachtaí a bhreithniú, socróidh sé dáta le haghaidh éisteachta laistigh de 20 lá scoile tar éis don Phainéal aighneachtaí comhlánaithe a fháil ón bpríomhoide agus ón bhfostóir.

10. Féadfaidh an Painéal, dá rogha féin, cuireadh a thabhairt do dhuine ar bith fianaise a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn. Déanfaidh an Painéal breithniú agus cinneadh ar aon iarratas ó pháirtí sa nós imeachta chun fianaise a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn.

11. Tá an príomhoide a dhéanann an t-achomharc i dteideal, más mian leis nó léi, aighneachtaí ó bhéal a dhéanamh chuig an bPainéal go pearsanta nó trí ionadaí, de ghnáth múinteoir atá ag feidhmiú, oifigeach lánaimseartha de chuid an cheardchumainn a bhfuil aitheantas aige dá g(h)rád nó duine eile den sórt sin a chomhaontaíonn an Painéal a bheith i láthair chun na críche sin.

12. I gcás ina dtagann an Painéal le chéile chun fianaise ó bhéal a ghlacadh nó aighneachtaí ó bhéal a éisteacht, tá na daoine a leanas i dteideal a bheith i láthair;

i an príomhoide lena mbaineann
ii duine ar bith de réir mhír 11 thuas atá i dteideal aighneachtaí a dhéanamh thar ceann an phríomhoide lena mbaineann

iii PF an BOO agus cibé duine eile a d'fhéadfadh an PF a ainmniú chun freastal.

iv Féadfaidh aon duine eile ar a gcomhaontaíonn an Painéal a bheith i láthair.

13. Beidh imeachtaí os comhair an Phainéil neamhfhoirmiúil.

14. Tar éis cibé fiosrúcháin a mheasfaidh an Painéal a bheith riachtanach a dhéanamh agus tar éis don Phainéal aon aighneachtaí a rinneadh nó aon fhianaise a tugadh a bhreithniú, tiocfaidh an Painéal ar thuairim maidir le cibé an ndearnadh forais le haghaidh athbhreithnithe ar an gcás a bhunú agus eiseoidh an Painéal a thuairim laistigh de dheich lá scoile ón éisteacht leis an PF, an Príomhoide lena mbaineann agus a (h)ionadaí.

15. I gcás gurb é an tuairim sin go bhfuil cás den sórt sin bunaithe ag an bPríomhoide lena mbaineann, féadfaidh an Painéal, dá rogha féin, an méid a leanas a mholadh don PF:

    i níor cheart aon ghníomh eile a dhéanamh sa chás, nó

    ii ba cheart an gníomh araíonachta arna chinneadh ag an PF a leasú ar bhealach sonraithe, nó

    iii ba cheart don PF an cás a athbhreithniú chun easnamh sonraithe sna nósanna imeachta araíonachta a réiteach (sa chás sin beidh feidhm fós ag forálacha an Chóid seo).

16. I gcás gurb ionann an tuairim sin agus nach bhfuil an cás bunaithe leanfaidh an PF ar aghaidh leis an ngníomh araíonachta.

17. Ba cheart go ndéanfaí cinneadh maidir le gníomh araíonachta a chur in iúl i scríbhinn chuig an bpríomhoide lena mbaineann agus dá (h)ionadaí. Sa chás nach nglacfar aon ghníomh eile, measfar go bhfuil an líomhain tarraingthe siar.

18. Is é an PF a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir le moladh phainéal achomhairc agus is é/í a leagfaidh amach i scríbhinn an bonn don chinneadh.